# CINNEADH (AE) 2022/514 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

## an 1 Márta 2022

## maidir le méid iomlán na dtáillí maoirseachta bliantúla do 2021 (BCE/2022/7)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa (2), agus go háirithe Airteagal 30 de ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1163/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/41) ([2]), eiseoidh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) fógra táille gach bliain do gach féichiúnaí táille laistigh de shé mhí tar éis thús na tréimhse táille ina dhiaidh sin.

(2) Faoi Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1163/2014 (BCE/2014/41), déantar na táillí maoirseachta bliantúla atá le gearradh ar na heintitis faoi mhaoirseacht a ríomh ar bhonn chostais bhliantúla BCE. Cinntear méid na gcostas bliantúil ar bhonn mhéid an chaiteachais bhliantúil arb é atá ann aon chaiteachas arna thabhú ag BCE sa thréimhse táillí ábhartha a bhaineann go díreach nó go hindíreach lena chúraimí maoirseachta.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 1163/2014 (BCE/2014/41), d'fhonn ríomh a dhéanamh ar na táillí maoirseachta bliantúla is iníoctha maidir le heintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht agus maidir le grúpaí suntasacha faoi mhaoirseacht, agus maidir le heintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach agus maidir le grúpaí faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach, ba cheart na costais bhliantúla a roinnt ar bhonn na gcostas a leithdháiltear ar na feidhmeanna ábhartha a dhéanann maoirseacht dhíreach ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht agus ar ghrúpaí suntasacha faoi mhaoirseacht agus maoirseacht indíreach a dhéanamh ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach agus grúpaí faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1163/2014 (BCE/2014/41), ba cheart méideanna táillí a bhaineann le tréimhsí táillí roimhe sin nach raibh inbhailithe, íocaíochtaí úis a fuarthas i gcomhréir le hAirteagal 14 agus méideanna áirithe eile a fuarthas nó a aisíocadh i gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Rialachán sin, más ann dóibh, a chur san áireamh freisin agus na costais bhliantúla á gcinneadh.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1163/2014 (BCE/2014/41), laistigh de cheithre mhí tar éis deireadh gach tréimhse táillí, ba cheart méid iomlán na dtáillí maoirseachta bliantúla do gach catagóir eintiteas faoi mhaoirseacht agus de gach grúpa faoi mhaoirseacht don tréimhse táillí sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin BCE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe:**

Chun críocha an Chinnidh seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe atá i Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/17) ([3]) agus i Rialachán (AE) Uimh. 1163/2014 (BCE/2014/41).

---

([1]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 63.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1163/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le táillí maoirseachta (BCE/2014/41) (IO L 311, 31.10.2014, lch. 23.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat um chomhar laistigh den Sásra Maoirseachta Aonair idir an Banc Ceannais Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis ainmnithe náisiúnta (Creat-Rialachán an tSásra Maoirseachta Aonair) (BCE/201417) (IO L 141, 14.5.2014, lch. 1).

*Airteagal 2*

**maidir le méid iomlán na dtáillí maoirseachta bliantúla do 2021**

1. Is é EUR 577 462 903 a bheidh i méid iomlán na dtáillí maoirseachta bliantúla do 2021, arna ríomh mar a léirítear san Iarscríbhinn.

2. Íocfaidh gach catagóir eintiteas faoi mhaoirseacht agus gach grúpa faoi mhaoirseacht an méid iomlán seo a leanas de tháillí maoirseachta bliantúla:

(a) eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht agus grúpaí suntasacha faoi mhaoirseacht: EUR 546 085 119;

(b) eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach agus grúpaí faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach: EUR 31 377 783.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an cúigiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 1 Márta 2022.

*Uachtarán an BCE*
Christine LAGARDE

*IARSCRÍBHINN*

**Ríomh an mhéid iomlán na dtáillí maoirseachta bliantúla do 2021**

*(EUR)*

| | Eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht agus grúpaí suntasacha faoi mhaoirseacht | Eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach agus grúpaí faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Costais bhliantúla iarbhír do 2021** | 546 120 759 | 31 389 696 | **577 510 455** |
| **Méideanna atá le cur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1163/2014 (BCE/2014/41)** | | | |
| *Méideanna na dtáillí a bhain le tréimhsí táillí roimhe seo nach raibh inbhailithe* | | | |
| *Íocaíochtaí úis a fuarthas i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán thuas* | - 35 639 | - 11 913 | **- 47 552** |
| *Méideanna a fuarthas nó a aisíocadh i gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Rialachán thuas* | | | |
| **IOMLÁN** | **546 085 119** | **31 377 783** | **577 462 903** |

(Féadfaidh nach suimeoidh iomláin mar gheall ar shlánú.)